CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Araoir dam seal is mé im' aonar: aisling a chum Eoghan Rua Ó Súilleabhán
Authors	Ní Íceadha, Máire
Publication date	2025-05-01
Original Citation	Ní Íceadha, M. (2025) 'Araoir dam seal is mé im' aonar: aisling a chum Eoghan Rua Ó Súilleabhán', Éigse, 42, pp. 60-77.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2025, Éigse. This article is made available by permission of the Editor.
Download date	2026-11-01 03:52:43
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/17852

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

ISBN 978-0-90151-096-9

ÉIGSE XLII : 2025

ÉIGSE

A JOURNAL OF IRISH STUDIES

EDITED BY LIAM MAC MATHÚNA

VOLUME XLII

PUBLISHED BY THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

2025

ÉIGSE

A JOURNAL OF IRISH STUDIES

EDITED BY LIAM MAC MATHÚNA

VOLUME XLII

PUBLISHED BY THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

2025

BORD COMHAIRLEACH IDIRNÁISIÚNTA
INTERNATIONAL ADVISORY BOARD

Dr Micheál Briody, University of Helsinki
Professor Mícheál Mac Craith, University of Galway
Professor Séamus Mac Mathúna, Ulster University
Professor Aoibheann Nic Dhonnchadha, School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies
Professor Máirín Nic Eoin, Dublin City University
Professor Seán Ó Coileáin, University College Cork
Professor Brian Ó Conchubhair, University of Notre Dame
Professor Philip O'Leary, Boston College
Professor Pádraig Ó Macháin, University College Cork
Professor Roibeard Ó Maolalaigh, University of Glasgow
Professor Pádraig Ó Siadhail, Saint Mary's University, Halifax
Professor Erich Poppe, Philipps-Universität Marburg
Professor Jan Erik Rekdal, University of Oslo
Professor Gregory Toner, Queen's University Belfast
Professor Regina Uí Chollatáin, University College Dublin

LUCHT COMHAIRLE EILE / OTHER PEER REVIEWERS

Dr George Broderick, Universität Mannheim
Dr Charles Dillon, Royal Irish Academy
Professor Raymond Hickey, University of Duisburg and Essen
Dr Nioclás Mac Cathmhaoil, Ulster University
Dr Uáitéar Mac Gearailt, Dublin City University
Dr Kevin Murray, University College Cork
Dr Siobhán Ní Laoire, Technological University Dublin
Dr Tracey Ní Mhaonaigh, Maynooth University
Dr Máire Nic an Bhaird, Maynooth University
Máire Nic Mhaoláin, Dublin
Dr Pádraig Ó Cearbhaill, Dublin
Dr Proinsias Ó Drisceoil, Tipperary
Dr Liam Ó hAisibéil, University of Galway
Professor Tadhg Ó hIfearnáin, University of Galway
Dr Pádraig Ó Liatháin, Dublin City University
Dr Nollaig Ó Muraíle, University of Galway
Dr Geraldine Parsons, University of Glasgow

FÓGRA

ÉIGSE publishes articles in both Irish and English. All articles submitted for publication are tendered to peer review.

Articles for publication should be addressed to the Editor, ÉIGSE, National University of Ireland, 49 Merrion Square, Dublin 2, Ireland.

Treoir do Scríbhneoirí. For information on style contributors should consult the website www.nui.ie/eigse/ and recent volumes of the journal.

Subscribers receive new issues post-free. For sales and subscriptions consult the website. Enquiries may be addressed to the Registrar, National University of Ireland, at the above address.

Only books dealing with, or having reference to, Irish literary and linguistic studies (Léann na Gaeilge) should be sent for review in ÉIGSE.

ISSN 0013 2608
ISBN 978-0-90151-096-9

© None of the contents of ÉIGSE should be reproduced without the consent of the Editor.

Layout and printing by
CRM Design + Print Ltd., Dublin 12

CLÁR AN ÁBHAIR / CONTENTS

Facsimiles and Transcripts: Two Cases of Decorative Scribal Work
Pádraig Ó Macháin and Anna Hoffmann 1

Manuscript Context and Possible Source of *Tochmarc Moméra*
Ksenia Kudenko 16

The Medical Fragments in the Book of Fermoy: Context and Sources
Aoibheann Nic Dhonnchadha 31

Araoir dam seal is me im' aonar: Aisling a Scríobh Eoghan Rua Ó Súilleabháin
Máire Ní Íceadha 60

Manx Lexicology and Etymology: Four Case Studies
Christopher Lewin 78

Gender Marking in Late Manx Speech
George Broderick 105

Towards a Study of Epenthesis in Muskerry Irish, 1850–1950
David Webb 124

Gaolta na Gaeilge sna Canúintí Éagsúla: Fianaise *Leagan Cainte*
Kevin Hickey 159

Seán Ó Dálaigh, *Aisling Phadruic Cundun*, agus Dáibhidh do Barradh
Tony Ó Floinn 191

An Craoibhín Aoibhinn in Toronto, Bealtaine 1906
Pádraig Ó Siadhail 216

The *Prull* Entry in *Sanas Cormaic*: Verse-capping as the Vehicle of Censure
William Sayers 250

Gaulish *māros* 'big, great', Ulster Irish By-form [mɑɪrɑn] 'a lot': Deviation from Mainstream *mórán* or Archaism?
Art Hughes 259

Cas Siar, Caith(eamh) Siar? – Téarma Talmhaíochta
Conchúr Mag Eacháin 273

Varia I: A practical context for the land-changing feats in *Tochmarc Étaíne*
A. Joseph McMullen 287

Varia II: An Irish salamander
Máire Nic Mhaoláin. 295

Varia III: Dán ar Bhás John Moore, le Charles Wolfe
Pádraig Ó Liatháin 298

AILT LÉIRMHEASA / REVIEW ARTICLES

Bernadette Cunningham: Conall Mag Eochagáin's History of the Kingdom of Ireland, 1627 303

Máirín Nic Eoin: Language Learning in Nineteenth-century Ireland 318

Noel Ó Murchadha: Beartas Teanga na Gaeilge sa Lá Inniu agus san Am atá Caite 330

LÉIRMHEASANNA / REVIEWS

Bjorn Olaf Vatzlavik: *Book of Uí Mhaine* (Elizabeth Boyle, Ruairí Ó hUiginn) 343; Breandán Ó Cróinín: *Tintúd–Aistriú: papers on translation in Irish tradition* (Ó Donnchú) 345; Eilís Ní Dheá: *Séamas ('An Setter') Ó Caoindealbháin: amhráin agus dánta* (Ó Cearbhaill) 351; Liam Mac Mathúna: *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Béarra Peninsula* (Ní Úrdail) 354; Máire Nic an Bhaird: *An óige agus an athbheochan* (Nic Congáil) 358; Róisín Nic Dhonncha: *Ludwig Mühlhausen, Séamus Ó Caiside agus Scéal Rí na Gréige: The Tale of 'Three Golden Children' (ATU 707) in 1937 Donegal.* (Fomin) 364; Máiréad Ní Loingsigh: *Snátha den seansaol / Strands of traditional life* (Ó Héalaí) 367; Tracey Ní Mhaonaigh: *Ó chleamairí go ceamaraí: drámaíocht agus taibhealaíona na Gaeilge faoi chaibidil* (Ní Mhuircheartaigh, Ní Ghairbhí, Ó Liatháin) 372; Róisín Ní Ghairbhí: *Setting the stage: transitional playwrights in Irish 1910–1950* (O'Leary) 375; Liam Mac Peaircín: *Seacht dtír seacht dteanga: scéal file agus fánaí ó Ghaillimh go Bucairist 1980–2020* (Johnson) 380; Liam Mac Mathúna: *Catalogue of Irish manuscripts in Houghton Library, Harvard University* (Buttimer) 383; Liam Mac Mathúna: *Niamh* (Ua Laoghaire, Webb), *Mo scéal féin* (Ua Laoghaire, Webb), *Aodh de Róiste* (Ó Céileachair, Webb) 388.

IN MEMORIAM

Gearóid S. Mac Eoin (1929–2023)
Séamus Mac Mathúna 391

ARAOIR DAM SEAL IS ME IM' AONAR: AISLING A CHUM EOGHAN RUA Ó SÚILLEABHÁIN

Réamhrá[1]

Aisling atá curtha i leith an fhile Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–84) is ea *Araoir dam seal is me im' aonar*. Níl ach aon chóip amháin den aisling seo tagtha anuas chugainn i lámhscríbhinn de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, ARÉ LS 23 O 15 (940): 216*i*–7.[2] Lámhscríbhinn 172 de chuid an bhailiúcháin lámhscríbhinní a thiomsaigh na foilsitheoirí Hodges & Smith is ea í agus a cheannaigh Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1844. Tá na leathanaigh 1–12, 202–17, 226–9 agus 242–9 ábhairín níos lú ná leathanaigh eile an leabhair seo agus tá éagsúlachtaí áirithe le sonrú i lámh an scríobhaithe i bhfianaise na leathanach 202–17, 222–5, cuir i gcás. Tá síniú an scríobhaithe Seaghan de Lóndra (John Landers) 'S*eagan* d*odh* Lóndr*a*' le léamh ar lch 223*i* den lámhscríbhinn agus véarsa aonair ón scríobhaí féin ar an leathanach céanna. Is í ARÉ LS 23 O 15 (940) an t-aon lámhscríbhinn atá luaite le Seaghan de Lóndra i gCatalóg an Acadaimh.[3]

Bhí an Móinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta den tuairim gur dhuine de mhuintir de Lóndra, a raibh feirm aige gairid do Cheann Trá, i gCiarraí Thiar, agus a bhíodh ag gabháil don scríbhneoireacht agus don fhilíocht le linn na naoú haoise déag ab ea Seaghan de Lóndra.[4] Luaitear 'John Landers' mar úinéir talún i lár an 19ú haois déag agus é féin agus 'Patrick Landers' mar thionóntaí ag 'Robert C. Hickson' in *General valuation of rateable property in Ireland* a chuir Richard Griffith ar fáil sa bhliain 1852.[5] Agus tá trácht ar John agus Pat Landers, tionóntaí a mhair i mBaile na Húnta i lár an 19ú haois déag le fáil ag 'An Seabhac' .i. Pádraig Ó Siochfhradha, in 'Supplement: Triocha-Céad Chorca Dhuibhne',

[1] Táim buíoch den eagarthóir agus de na léitheoirí anaithnide a léigh dréacht den ábhar seo. Gabhaim buíochas leis an Ollamh Pádraig Ó Macháin as pointí áirithe a phlé liom agus as athruithe chun feabhais a mholadh, chomh maith, nuair a bhí an aiste seo á réiteach.

[2] Kathleen Mulchrone, *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* (Dublin 1926–70) 2711–17.

[3] Féach *s.v.* 'de Lóndra (Seaghan)' in Kathleen Mulchrone & Elizabeth Fitzpatrick, *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy, Index II*, *General Index* (Dublin, London 1958) 847.

[4] Thug an Móinsíneoir Ó Fiannachta le fios, le linn plé a dheineamar ar an gcóip sin den amhrán *Araoir dam seal is me im' aonar* sa Díseart, An Daingean, Co. Chiarraí ar 19 Meán Fómhair 2000, go raibh an scríobhaí de Lóndra mór le Séamas Goodman an bailitheoir ceoil agus go mbíodh comhfhreagras eatarthu. Ó Bhaile Áimín Treant, láimh leis an Daingean, Co. Chiarraí, ab ea Goodman. Féach Pádraig Ó Fiannachta (eag.), 'Séamas Goodman', *Iris na hOidhreachta 2* (Baile an Fheirtéaraigh 1990).

[5] Féach cuntas a thugtar ar a gcuid tailte faoi 'Ballynahunt', 'Parish of Ballyvoher', in Richard Griffith, [*General*] *valuation of rateable property* [*in Ireland*] (Dublin 1852) 6.

cuid a II agus a III, chomh maith.[6] Ag féachaint ar ábhar na lámhscríbhinne, is léir spéis an scríobhaithe i bhfilíocht Ghaeilge na Mumhan. I measc an ábhair, tá amhráin le hEoghan Rua Ó Súilleabháin, le hUilliam Dall Ó hIfearnáin, le Seán Clárach Mac Domhnaill, Tadhg Gaedhealach Ó Súilleabháin, le hAogán Ó Rathaille, le Seán Ó Tuama, Seán Ó Murchadha na Ráithíneach, le hEoghan an Mhéirín Mac Cártha, le hAodh Buí Mac Cruitín, leis an Ath. Uilliam Inglis, le hAindrias Mac Craith (.i. An Mangaire Súgach) agus le Donnchadh Rua Mac Conmara.

Ag féachaint ar ábhar eile a breacadh sa lámhscríbhinn chéanna, áfach, ba mhó an dealramh a bheadh leis an moladh gur bhain Seaghan de Lóndra leis na Déise, b'fhéidir. Áirítear saothar le Piaras Mac Gearailt, Dáibhí de Barra, Seathrún Céitinn, le hIgnaisius Ó Doinn agus marbhchaoineadh a scríobhadh d'Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh a cuireadh chun báis i gCluain Meala sa bhliain 1766[7] i measc ábhair eile atá breactha inti. Ní dhéantar trácht puinn ar scríobhaí darbh ainm Seaghan de Lóndra (John Landers) i saothar Uí Chonchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*[8] ná i saothar an Bhrúnaigh *Scriptural instruction in the vernacular: the Irish Society and its teachers 1818–1827*, ámh.[9] Tá tuairisc tugtha ar 'John Landers West Bannard, Midleton November 11th 1833' sna *Tithe applotment books*[10] agus ar fhear eile den ainm céanna 'John Landers', 'Oct. 3 1827', tionónta a raibh 24 acra ar cíos aige ag Aghabulloge, paróiste Leadavailing, i ndeoise Chluain de réir an chuntais a thugtar air sna *Tithe applotment books*,[11] chomh maith. Tá tuairisc eile in *General valuation of rateable property in Ireland* (1852), a bhaineann le lár na haoise céanna ar 'John Landers', 'Killeagh', 'Parish of Killeagh'[12] a bhí mar dhuine de na tionóntaí ag 'Sir A. de C Brooke' .i. Sir Arthur de Capel-Brooke (Broke), ní foláir.[13]

[6] Féach *Béaloideas* 8 (2) (Dec. 1938) An Cumann le Béaloideas Éireann, 191 [93–210].

[7] Meidhbhín Ní Úrdail, 'An elegy on the death of Fr Nicholas Sheehy', *Zeitschrift für celtische Philologie* 60 (1) (Bonn 2013) 151–73. Le fáil ag: https: / / researchrepository.ucd.ie / handle / 10197 / 9074. Léite: 16 Eanáir 2022.

[8] Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath 1982).

[9] Pádraig de Brún, *Scriptural instruction in the vernacular: the Irish Society and its teachers 1818–1827* (Dublin 2009).

[10] http: / / titheapplotmentbooks.nationalarchives.ie / search / tab / results.jsp?surname=Landers&firstname=&county=Cork&townland=&parish=&search=Search&sort=&pageSize=&pager.offset=0.

[11] http: / / titheapplotmentbooks.nationalarchives.ie / search / tab / results.jsp?county=Cork&parish=Aghabullogue&townland=Leadavuiling&search=Search.

[12] Griffith, [*General*] *valuation of rateable property* [*in Ireland*], 26.

[13] Féach Paul Cotter, 'The de la Chapelle or Supple or de Capel-Brooke families of Cork, Kerry and Limerick' in *Irish Genealogist* 13/4 (2013) 298 [288–310] le fáil ag: https: / / www.academia.edu / 6554567 / The_de_la_Chapelle_or_Supple_or_de_Capel_Brooke_families_of_Cork_Kerry_and_Limerick.

Ní heol dúinn, ach chomh beag, cad é an dáta ná an áit a breacadh an chóip den aisling *Araoir dam seal is me im' aonar* in ARÉ LS 23 O 15 (940).[14] Is cosúil gur breacadh í uair éigin i ndiaidh na bliana 1825 ar fhianaise roinnt marcanna uisce atá le feiscint sa lámhscríbhinn.

Cuirtear *Araoir dam seal is me im' aonar* i leith an fhile Eoghan Rua Ó Súilleabháin ag tosach na cóipe.[15] Is treise an scéal é gurbh é Eoghan Rua a chum an aisling ón uair go bhfuil teachtaireacht dhóchais inti agus tagairtí déanta do chúrsaí míleata ar mhór-roinn na hEorpa san aisling i línte 49–56: 'Tá an Francach ag teacht go héascaidh / 's a loingeas gléasta i bhfoirm seoil / an Spáinneach len' ais go haerach / ag treascairt laoch 's ag fearthadh gleo; / tá Seoirse 'na spairt bhocht traochta, / gan rath gan réim 's tá caithte as coróin / go *Hanover* a p*h*reab go déanach / faoi bhrataibh daol re heagla ó'. Tá macalla láidir den dóchas céanna le sonrú san amhrán *Tá an cruatan ar Sheoirse* a chum Eoghan Rua, chomh maith. San amhrán úd, deir Eoghan Rua i línte 9–12: 'Francaigh, Spáinnigh, i neart atáid / gan fábhar, gan bhá, gan taise dhó / cuirfidh siad an rógaire oilc / ón gcoróin ag rith le gleo claímh'.[16] Lena chois sin, tá seacht n-amhrán eile de chuid Eoghain Rua sa lámhscríbhinn chéanna – *Mo chás mo chaoidh mo cheasnadh* (lch 1), *I gCaoldoire* (lch 29), *Sin agaibh mo theastas ar bheatha gach réice* (lch 61), *Tráth inné is me tnáite tréith* (lch 202), *Do gheobhair air dtúis an t-ubhall ad dhóid* (lch 218),[17] *Bhíos sealad dem shaoghal go haerach iongantach* (lch 250) agus *Maidin drúchta cois na Siúrach* (lch 254).

Aisling pholaitiúil is ea *Tráth inné is me tnáite tréith* thuasluaite, ina ndéanann Eoghan Rua cur síos ar chúrsaí cogaíochta i Meiriceá agus ar dhul chun cinn imeachtaí i measc chumhachtaí na hEorpa le linn na tréimhse 1778–80.[18] Léirítear teachtaireacht dhóchais, chomh maith, chomh fada le dán na nGael san aisling seo. Deir an file i línte 57–64: 'Le sámh-thoil Dé fuair páis is péin / tá an báire ag téacht 'na gcoinne ar buile, / fágfaid, séanfaid, rithfid sin / as caomh-chríoch Eoghain, / atá Arnold, laoch nár stán i mbaol, ag fáil an lae ar an bhfoirinn uile / an mál so ag maodhmadh, ag milleadh-bhriseadh an chlaon-dlí nó'.[19] Léiriú eile is ea na línte úd ar an gcur amach a bhí ag Eoghan Rua ar chúrsaí domhanda lena linn féin agus ar spéis leanúnach fhilí Gaelacha in imeachtaí míleata thar lear, go háirithe.[20]

Ábhar na haislinge

Léirítear príomheilimintí na haislinge polaitiúla san amhrán *Araoir dam seal is me im' aonar*. Tosach nósúil aislinge atá ann. Tá an file ina aonar cois leasa, go huaigneach, gan aon duine muinteartha leis. Tá sé ag cuimhneamh ar a chás féin agus ar chás na nGael atá faoi smacht na nGall. Taibhsíonn spéirbhruinneall dó. Tugann sé cuntas ar a háilleacht, ar na dathanna atá in iomaíocht le chéile ina gnúis, ar a gruaig fhada dhréimreach agus ar a ráite séimhe. Fiosraíonn an file cúlra na bé. Tagraíonn sé do Helen, don bhandia Menerva, do Cassandra, do Hera agus don sárbhean Deirdre. Tugann sí a dearbhainm 'Éire' le fios don fhile agus dearbhaíonn sí gurb í foinse an eolais don fhile maidir le dul chun cinn fheachtas an Stíobhartaigh chuig Éirinn. Tugann an file teachtaireacht dhóchais sna véarsaí deiridh den aisling.

Tugann Eoghan Rua le fios san aisling seo go mbeidh nósanna na sean-Ghael á gcleachtadh in athuair in Éirinn, le líonmhaireacht éigse is féiltí, le flúirse dí á scaipeadh agus le hathréimiú na nGael ar a mbailte dúchais. Cuirfear tinte ar lasadh ar fud na tíre le teann ardscléipe. Deir sé i línte 69–70: 'Beidh dáin dá spreaga*dh*, tínte ar thaobh cnoic / fíon dá t*h*aosca*dh* is *Punch* ar bord'. Tá macallaí láidre den cheiliúradh céanna, mar ba dhual do na seantaoisigh, le sonrú in aislingí polaitiúla eile de chuid Eoghain Rua. San aisling *Im leabain aréir*, deir sé i línte 89–92:[21] 'Beidh tine gan múchadh i rith na gcúig gcúige / is sinn-ne go súgach is púir [ar] bhúir / go humhal ar lasadh againn / ag taoscadh

[14] In ARÉ LS 23 O 15 (940): 3 tá 'S. Brook 1830'; '1825' ar lgh 7, 15 den lámhscríbhinn.

[15] *Eog[h]an Ruad[h] Ó Suilliob[h]ain cct* in ARÉ LS 23 O 15 (940): 216*i*.

[16] Vincent Morley, *Washington i gceannas a ríochta: Cogadh Mheiriceá i litríocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath 2005) 27.

[17] Amhrán le hEoghan Rua dar tús *Á éigse an aitis*, a bhfuil an curfá 'Seothó, a thoil, ná goil go fóill' ann. Féach Breandán Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (Baile Átha Cliath 2005) 12–15. Tugtar le fios ar lch 2715 de *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasciculi XXI–XXV (Dublin 1949) gur chuir Eoghan Ó Comhraí an t-amhrán seo i leith an fhile Uilliam Dall Ó hIfearnáin ar lch 455 den chatalóg (neamhfhoilsithe) ar bhailiúchán lámhscríbhinní Hodges & Smith a sholáthraigh sé.

[18] De réir na cóipe den aisling pholaitiúil *Tráth inné is me tnáite i bpéin* atá in ARÉ LS 23 C 8 (727): 348, cumadh an t-amhrán *Tráth inné is me tnáite i bpéin* sa bhliain 1782. Lámhscríbhinn is ea í a bhreac an scríobhaí Mícheál Óg Ó Longáin i bparóiste Charraig na bhFear agus i nGleann Maghair do Phádraig Ó hIongurdail, sna blianta 1833–5. Féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 98. Chum an file Seán Ó Coileáin an aisling pholaitiúil *An buachaill bán* dar tús *Maidin lae ghil fá dhuille ghéag-gluis* sa bhliain chéanna de réir an chuntais a thugtar uirthi sa lámhscríbhinn chéanna ar lch 9 (A). Amhrán eile is ea é sin ina dtugtar teachtaireacht dhóchais go dtiocfaidh an 'Buachaill Bán' i gcabhair ar Éirinn. Féach Bláthnaid Uí Chatháin, *Éigse Chairbre: filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird* (Baile Átha Cliath 2006) 69–71, 277–8. Féach, chomh maith, C. G. Buttimer, 'Cogadh Sagsana Nuadh sonn: reporting the American Revolution', *Studia Hibernica* 28 (1994) 90, nóta 126.

[19] Morley *Washington i gceannas*, 17.

[20] Féach C. G. Buttimer, 'An Irish text on the War of Jenkin's Ear', *Celtica* 21 (1990) 75–98, ag 90–1.

[21] Féach an chóip seo den aisling *Im leabain aréir* atá in ARÉ LS 23 E 16 (491): 345. Faightear eagrán den aisling seo in Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 54–6, mar shampla.

daorphunch, ale agus beathuisce';[22] san aisling *Mo chás mo chaí mo cheasna*[23] deir Eoghan Rua go mbeidh 'lán-chuid fiona dá scaipeadh'[24] (l. 119); agus san aisling *Tríom smaointe*[25] leagtar béim ar thréithe na dtaoiseach Gaelach i línte 62–3: '[…] in aoilbhrogaibh geala is ar eachaibh go tréan / fionta acu is beathuisce dá scaipeadh gan spéis'.[26]

Modh eagarthóireachta
Is ar an gcóip aonair atá in ARÉ LS 23 O 15 (940): 216 [líne 17]–217 a bunaíodh an t-eagrán seo. Beartaíodh ar aon líne amháin den téacs mar a bhí breactha ag an scríobhaí sa chóip lámhscríbhinne a léiriú i ndá líne san eagrán seo den aisling. Fágann sin go bhfuil 12 líne i ngach véarsa den amhrán anseo. Tá línte 69–72 den aisling seo scríofa go cliathánach ar lch 217 den lámhscríbhinn.

Rinneadh na hathruithe seo a leanas os íseal ar litriú na lámhscríbhinne:
Léiríodh consain dhúbailte mar chonsain aonair e.g. *charraid* > 'charaid' (l. 4); *coroinn* > 'coróin' (línte 55, 67), *tinnte* > 'tinte' (l. 69);
-dh a léiriú i gcás ainmneacha briathartha *e.g. claona* > 'claonadh' (l. 15); *spréuga* > 'spreagadh' (l. 69); *tasoga* > 'taosgadh' (l. 70) agus *sgaoíle* > 'scaoileadh' (l. 68);
Tugadh litriú áirithe chun rialtachta e.g. *raob* > 'réab' (l. 6); *shíghin* > 'shín' (l. 9); *gho* > 'go' (l. 20), *beul* > 'béal' (l. 21); *go bfionainn* > 'go bhfionainn' (l. 28); *caidhte* > 'caithte' (l. 54); *crith* > 'crioch' (l. 71).

Sínte fada
Deineadh sínte fada a sholáthar os íseal nuair ba ghá.

Athruithe tosaigh
Cuireadh *dt-* in áit *tt-* e.g. *ttraocha* > 'dtraochadh' (l. 8); Scríobhadh *sg* mar 'sc': *sámhrosg* > 'sám*h*rosc' (l. 15); *sgeól* > 'sceol' (l. 22), *sgaoíle* > 'scaoileadh' (l. 68), *treasgair* > 't*h*reascair' (l. 30).
Cuireadh séimhithe ar fhocail áirithe nuair a d'éiligh an ghramadach sin, agus baineadh leas as cló iodálach chun na séimhithe seo a léiriú sa téacs

[22] 'There will be fire without quenching throughout the five provinces / and we will be merry and the boors will be overtaken by desolation, burned out by us / pouring out dear punch, ale and whiskey.'
[23] Féach ARÉ LS 23 L 28 (108): 2. Féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 50.
[24] 'Overflowing amounts of wine being dispensed'.
[25] Féach MN LS M 9: 315. Féach eagrán den amhrán *Trím smaointe do bheartas*, in Risteárd Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin 1748–1784 nuadh-eagar* (Baile Átha Cliath 1937) 76–8.
[26] '[…] in lime-white bright mansions and powerful on horses, / having wine and whiskey being dispensed without concern.'

e.g. ar litreacha tosaigh fhocail, e.g. 'd'f*h*reagair' (l. 37); 'd*h*ruideas' (l. 27); i ndiaidh réamhfhocail e.g. 'mar g*h*éis'; 'ar S*h*éarlas' (línte 59, 67); agus nuair a d'éiligh an ortagrafaíocht a leithéid chomh maith, e.g. 'sám*h*rosc' (l. 15), 'ram*h*ar' (l. 15), 'caorad*h*' (l. 17), 'f*h*olt' (l. 19), 'teac*h*t' (l. 20).

Forainmneacha agus réamhfhocail shimplí
Leanadh an lámhscríbhinn maidir le forainmneacha agus réamhfhocail. Tugadh iad chun caighdeáin sa chás ná raibh aon athrú suntasach fóineolaíochta i gceist *e.g. air* > 'ar' (línte 2, 3, 8, 14, 36); *a* > 'i' (l. 2, 44); *do* > 'de' (l. 5); léiríodh an réamhfhocal 'ag' seachas 'a' i gcás 'ag smaoineamh' (l. 3).

Aidiachtaí sealbhacha
Léiríodh *le'm* > 'lem'' (línte 4, 9); *dom* > 'dom'' (l. 4); *trem'* > 'trém'' (l. 6); *am* > 'im'' (l. 16); *tre'd* > 'tréd'' (l. 40).
Leanadh nósanna an lae inniu maidir le cúrsaí poncaíochta, e.g. baineadh leas as lánstad ag deireadh gach véarsa seachas comhartha poncúlachta an scríobhaí ~. Baineadh leas as cló iodálach chun an cló éagsúil atá ar líne an churfá ag deireadh gach véarsa den aisling seo, agus ar fhocail áirithe sa chóip lámhscríbhinne, a léiriú *e.g*. *Leather away the wattle ó* (línte 12, 24, 36, 48, 60, 72), '*Hélen*' (l. 29), '*Menerva*' (l. 33), '*Cassandra*' (l. 33) agus '*Héra*' (l. 34), '*Hanover*' (l. 55).

An mheadaracht
Meadaracht: *Amhrán*
Nóta: Tá mírialtacht ag baint leis an meadaracht i línte áirithe den amhrán seo, cuir i gcás, línte 25–36. Tá idirmhalartú idir na foghair /e:/ agus /o:/ ag deireadh gach leathrann tríd síos. Is é patrún na meadarachta ná ABABABABCDAE.

An deilbh mheadarachta

línte 1–12:	~ í ~ (~) a ~~ é ~ ;	línte 13–24; línte 49–60: ~ á ~ ~ a ~ ~ é ~ ;	
línte 25–36:	~ua / ui ~ (~) á / ua ~ é ~;	línte 37–48: ~ a / io / á ~ í ~ é ~	A
línte 1–20	~ é ~ a ~ a ~ ó;	línte 25–28: ~ i / io / é / a ~ io / é / a / au ~ (a) ~ ó	B
	~ í ~ é ~ í ~ é;	línte 13–24: ~ á ~ ~ é ~ á ~ é	C
	~ í ~ é ~ a ~ ó';	línte 13–24: ~ á ~ é ~ a ~ ó	D
	~ a ~ ~ é ~ a ~ ó		E

Tá an foghar /i:/ san fhocal *tinte* (l. 69); foghar /e:/ san fhocal *tsaogail* (l. 3); foghar /o:/ sna focail *dheoigh* (l. 16), *feoir* (l. 20), *sceol* (l. 22),

beoil (l. 26); foghar /a/ sa chéad shiolla in *ramhar* (l. 15). Focail dhéshiollacha is ea *tsaogail* (l. 3) agus *Ríoga*(*i*)*n* (línte 9, 31).

Fonn

Ní luaitear fonn leis an amhrán sa chóip lámhscríbhinne. Tá 'Leather away the wattle o'[27] mar loinneog ag deireadh gach véarsa de ghrá na rithime, ámh. Tagraíonn Virginia S. Blankenhorn d'úsáid éagsúil na loinneoige ag deireadh véarsaí amhrán ina saothar *Irish song-craft and metrical practice since 1600*, áit a dtugann sí le fios go bhfaightear athrá ar loinneoga gairide i véarsaíocht Ghaeilge mar a mbíonn agalla mar a leanas i gceist *e.g.* 'Is iombó' / 'Agus siambó'.[28]

Ar na haislingí eile a chum Eoghan Rua a bhfuil cóipeanna díobh sa lámhscríbhinn ARÉ LS 23 O 15 (940),[29] ní luaitear foinn leis na haislingí *Mo chás, mo chaoidh, mo cheasnadh* (lch 1)[30], *I gcaoldoire craobh-chluthair niamhdhuileach a bhíos* (lch 29),[31] *Tráth anéi is me tnáidhte*

[27] Féach Cpt Francis O'Neill (eag.), *O'Neill's music of Ireland* (Chicago 1902) 72. Tugtar 'Leather away the wattle o' mar fhonn an amhráin dar tús *Aréir is me go déanach ar thaobh cnuic le ais an chóibh*, a chum Tomás Mac Coitir, cuir i gcás. Féach An tAthair Pádraig Breathnach, *Fuínn na smól le haghaidh saol óg na Gaedhilge ins na sgoileannaibh*, cuid a 6 (Baile Átha Cliath [1913]) 29–30. Tá leaganacha den bhfonn 'Leather Away the Wattle' le fáil ag 'Traditional Tune Archive' ag: https: / / tunearch.org / wiki / Annotation:Leather_Away_with_the_Wattle; agus le fáil ag 'Irish Traditional Music Archive' ag: https: / / www.itma.ie / search?q=Leather+away+the+Wattle. Léite: 15 Márta 2019.

[28] Victoria S. Blankenhorn *Irish song-craft and metrical practice since 1600*. *Irish Studies* 8 (New York 2003).

[29] Tá cóipeanna de na hamhráin *Sin agaibh mo theasdas air bheatha* (corr. from *beartaibh) gach réice, Do gheabhair air dtúis an t-ubhall ad dhóid agus Bhíos sealad dem shaoghal go haerach iongantach* a chuirtear i leith Eoghain Rua gur chum sé iad ar fáil in ARÉ LS 23 O 15 (940), chomh maith. Ní luaitear foinn leo ach an oiread sa lámhscríbhinn seo. Tugann an tAthair Ua Duinnín 'An Cropi' mar fhonn le *Sin agaibh mo theastas* sa chéad eagrán d'amhráin Eoghain Rua a chuir sé in eagar, An tAthair Pádraig Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* (Baile Átha Cliath 1901) 60. Tá an fonn céanna luaite leis an an amhrán seo sa tarna heagrán a sholáthraigh sé, An tAthair Pádraig Ua Duinnín *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin*. Iml. 1 (Baile Átha Cliath 1923) 137. Ní luann Fiachra Éilgeach fonn leis an amhrán céanna a dtugann sé an teideal *B'fhearr leigean dóibh* leis, Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 108. Ní luann an Duinníneach fonn leis an amhrán a dtugann sé *Á éigse an aitis* mar theideal air sna heagráin Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh* 49, Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin* 110 ná Fiachra Éilgeach le *Seó hó, a thoil, ná goil go fóill* ina shaothar, Ó Foghludha *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 87. Ní fios cad é an fonn a bhíodh ag gabháil leis an amhrán *Sealad dem shaoghal*.

[30] 'Seán Ó Duibhir an Ghleanna' atá luaite mar fhonn leis an aisling in ARÉ LS 23 I 48 (942), ARÉ LS 24 P 20 (1072), LB LS Add. 27946, LB LS Add. 31874.

[31] 'Caitilín Triall' atá luaite mar fhonn leis an aisling seo in ARÉ LS 23 G 10 (974), G LS 64, LNÉ LS G 494 (212), MN LS C 40, TCD LS 1423, Torna LS xviii. Ní luann an Duinníneach ná Fiachra Éilgeach aon fhonn maidir leis an aisling seo ina n-eagráin d'amhráin Eoghain Rua in ainneoin fianaise na lámhscríbhinní.

a bpeinn (lch 202)[32] ná *Maidin drúchta chois na Siurach is me támhlag tréith* (lch 254).[33]

TÉACS

Eog*h*an Ruad*h* Ó Súilliob*h*áin cct

Araoir dam seal is me im' aonar,
ar thaobh binnleasa i machtnamh bróin
ag smaoineamh ar bhearta an tsaogail
's gan aon lem' ais dom' charaid beo
do líon mo dhearc de dhéara
is do réab le racht trém' leacain róid
tré dhíog*h*altas Clanna Gaod*h*ail bhocht
dá dtraochadh ar fad ag Gallaibh-shlógh;
do shín lem' thaobh an Ríogain shéimh,
budh mhíne gné is budh c*h*anta clódh
's is fíor gur spreac le héifeacht dam
Leather away the wattle ó.

Budh b*h*reág*h* is budh dheas a héadan,
mar g*h*éis ar shreabh budh m*h*aiseach clódh
's a sám*h*rosc ram*h*ar 'claonadh
'chuir saoghad is *dart* go tapa*idh* im' dheoigh
barr 'na leacain caorad*h*
tré aold*h*aith – caismirt, cath is gleo –
's a dá f*h*olt chrathach phéarlach
go dréimreach cas ag teac*h*t go feoir;
budh shámh a béal 's a ráidhte séimhe,
's is ard gan bréag ag canad*h* sceol
'A sháirfhir, preab is éistse
le *Leather away the wattle ó.*'
An tan chuadhla ráidhte séimhe na bé
Budh b*h*inne friotal beoil
do d*h*ruideas suas go héascaidh

[32] 'Más í an pis a deirir' atá luaite leis an aisling faoin dteideal *Tráth inné is me tnáite tréith* in LB LS Add. 27946, LB LS Add. 31874, NLW LS A 9.

[33] 'An clár bog déil' a luaitear mar fhonn leis an aisling 'Cois na Siúrach' in ARÉ LS 23 D 35 (515), ARÉ LS 24 P 20 (1072), LB LS Add. 27946, MN LS M 11, MN LS C 13; 'Cois na Bríde' atá luaite leis an gcóip atá in LB LS Add. 18948.

go b*h*fionainn scéal créad as don óig*h*.
‘An fíor gur tusa *Hélen*
ón nGréig a teac*h*t lenar threascair slóg*h*
nó an Ríogan mhiochair Déirdre,
mar cailleadh le Clann Uisnig*h* mhóir;
an tu *Menerva* chlaon, *Cassandra* shéimh
nó *Héra* an bhé budh mhaiseach clódh
nó an ineosfair fáth do scéil dam
ar *Leather away the wattle ó*?’

D’f*h*reagair sí go héascaidh
‘A shéimhfhir ghlan don chine mhór
Ní duine me don réim sin
’s is tuirseach mé tréd’ dhuibhe deor
is fíor gur mise Éire
do théarnaigh seal tar lear re sceol
bhur Stíobard a theacht thar tréanmhuir
re curaidh laoch i mbarcaibh seoil.
Beidh leagadh is traochadh ar ghrathain Bhéarla
is Clanna Gaodhail fá rachmas mhór
sin fáth ar a gcanaim bhéarsa
ar *Leather away the wattle ó*.

Tá an Francach ag teacht go héascaidh,
’s a loingeas gléasta i bhfoirm seoil;
an Spáinneach len’ ais go haerach
ag treascairt laoch ’s ag fearthadh gleo;
tá Seoirse ’na spairt bhocht traochta,
gan rath gan réim ’s tá caithte as coróin,
go *Hanover* a p*h*reab go déanach
faoi bhrataibh daol re heagla ó.
Tá an lá re Gaod*h*ail ’s a’ brá acu ar mhéirlig*h*
go bráth ag déanamh grafadh is rómhar
is garda ag teacht ar S*h*éarlas
aige *Leather away the wattle ó*.’

Atá an cheárd so suighte saorg*h*lan
i nÉire anois fé iomad scóip,
ní bhfuil cás ar shíol M*h*ilésian

ná a gcíos le glaodhach ’n fhaid ’mhairfid beo;
is ard ’s is bínn atáid éigse
gan bréag anois dá chur i gclódh
go bhfuil coróin trí Ríoghacht ar S*h*éarlas;
sin scaoile*a*dh is réabadh ar Ghallaibh-phóirt.
Beidh dáin dá spreaga*dh*, tínte ar thaobh cnoic,
fíon dá t*h*aoscadh is *Punch* ar bord
’s go brách sin críoch is éifeacht
re *Leather away the wattle ó*.

Léamha
ARÉ, LS 23 O 15 (940): 216*i*–217
Ceannscríbhinn: *Eogan Ruad Ó Suilliobain cct*
1 im’ OM 6 raob 7 tre d*h*iogaltas 8 da *tt*raoc*h*a 9 s*hígh*in 11 Sus 13 h’éadan 15 claona 16 cuir saod is dart go tapa 17 na leacuin caóradh 18 casmuirt 19 p*h*eurlac*h* 20 g*h*o 21 beit*h* 22 breug 23 s*h*ar-f*h*ir preab is eistsi 25 beit*h* 27 g*h*o h’aosgad*h* 28 og 34 b*h*eit*h* 35 fait*h* 37 h’aosgad*h* 38 g*h*lan 40 sus 42 t*h*earnag*h* 43 treunm*h*uir 44 curraid*h* 45 bead leaga is traoc*h*a air g*h*rat*h*ain*n* b*h*éurlad*h* 46 rac*h*mus 47 fáit*h* air agcanaim b*h*eursa 49 fran*n*cac*h* ateac*h*t go h’aosgad*h* 50 abfoirm 51 h’aorac*h* 52 sa 54 rait*h* gan reim ’sta caid*h*te a coróin*n* 55 *Hanóver* 56 h’eagla 57 g*h*aod*h*ail sa brád*h* aco air m*h*éirlig 58 bráit*h* 59 garrda ateact air Séarlus 61 ceárd so suig*h*te sáorglan 63 milésian 64 a OM gcíos le gláod*h*ac*h* 65 sus 66 bréug anois da c*h*uir 67 Searlus 68 sgaoile is ráobad*h* 69 bead*h* dain da spreuga 70 da taosga 71 eifioc*h*t

AISTRIÚCHÁN AR AN AMHRÁN

Last night for a while whilst on my own,
on the sweet side of a fairy mound in sorrowful mood
reflecting on the ways of the world,
without any one of my friends alive beside me,
my eye filled with tears
and through my cheek they tore a track with strong emotion
through vengeance for the poor Irish
being completely exhausted by an English horde;
a gentle queen lay beside me
of the softest appearance and of the loveliest shape
and it is true that she recited with feeling for me
Leather away the wattle o.

Lovely and pretty was her forehead
as a swan of the most elegant form on a stream,
her full pleasant eye inclining
which sent an arrow and a dart quickly after me,
in the upper region in her cheek was a redness
mixed with lime colour – conflict, battle and fight –
and her two plaits of curling, pearl-like hair,
wavy, curly reaching the grass;
her mouth was gentle and her expressions kindly,
and in an eloquent note chanting stories
'O, man of excellence, jump up and listen
to *Leather away the wattle o*.'

Upon hearing the kindly words of the maiden
of the most melodious spoken language
I approached her swiftly
to get tidings of where the maid came from.
'Is it true that you are Helen
coming from Greece by whom a multitude was laid low
or the tender queen Deirdre,
as she was lost with the family of great Uisneach;
are you evil Minerva, or gentle Cassandra
or Hera, who was of the most beautiful appearance,
or will you tell me the occasion of your story
to *Leather away the wattle o*?'

She answered me readily
'O gracious, pure man of the great race
I am none of that list
and weary am I through the melancholy of your tears;
it is true that I am Éire
who returned over the sea for a while with a piece of news
that your Stuart is coming over the mighty sea
with champion warriors in sailing ships.
There will be laying low and subjugation of an English mob
and the Irish will have great prosperity,
that is a reason that I sing a verse
to *Leather away the wattle o*.

The Frenchman is coming promptly,
and his fleet is ready to sail;
the Spaniard is with him spirited
laying low warriors and waging battle;
George is a poor, worn-out useless person,
without favour, without authority and is cast out of his crown,
to Hanover he has sprung lately
because of fear in black garments.
The Gaels have won the day and the grinding stone on the churls
who will forever more be grubbing and digging
and Charles will have protection
with *Leather away the wattle o*.'

That this state of affairs is now clearly established
in Ireland now with an abundance of joy,
the progeny of the Milesians has no concern
nor is their rent to be demanded as long as they live;
loud and splendid are the poets
without any falsehood now being printed
that Charles has the crown of three kingdoms;
thus is the dispersal and the bombardment of English forts.
Poems will be composed, fires will be on the hillside,
wine being drained and punch being served
and that is the end and the conclusion forever
to *Leather away the wattle o*.

NÓTAÍ TÉACSÚLA

1 *im' aonar*: Soláthraíodh an réamhfhocal 'i' agus foirm na haidiachta sealbhaí roimh fhocal dar tús guta i gcás an fhocail 'aonar' ar bhonn céille, cé nach bhfuil ann dóibh sa chóip lámhscríbhinne. Is gnách do na scríobhaithe an aidiacht shealbhach a bhreacadh i gcás aislingí eile a chum Eoghan Rua, e.g. *Lá dá rabhas im aonar* a bhreac Pádraig Ó Giobúin (*fl*. 1824–59), ó Áth an Mhuilinn, i gCo. Chorcaí in ARÉ, LS 24 B 9 (380): 26.[34] Ábhar spéise é go dtugann R. A. Breatnach le fios gur gléas cainte neamhchoitianta is ea é an focal 'aonar' a úsáid gan aidiacht shealbhach roimhe ach léiríonn sé samplaí eile d'úsáid an

[34] Máire Ní Íceadha '"Lá dá rabhas im' aonar": Aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin', in Stephen Newman, Breandán Ó Cróinín agus Liam Ó Paircín (eagí), *Saoi na féile: aistí ar litríocht Ghaeilge an ochtú haois déag in onóir do Úna Nic Éinrí* (Baile Átha Cliath 2018) 50–68.

fhocail ‘aonar’ gan aidiacht shealbhach sa Nua-Ghaeilge Mhoch san alt ‘Trí fhadhb Théaxúla’, *Celtica* 6 (1963).[35]

2 *ar thaobh binnleasa*: Tá Eoghan Rua cois leasa i gcaitheamh an lae sna haislingí polaitiúla seo a leanas a chum sé: *Tráth is mé cois leasa*, líne 1: ‘Tráth is mé cois leasa’;[36] *I sleasaibh na habhann*, líne 3: ‘’sea dhearcas ainnir cois leasa ’na haonar’[37] agus san amhrán *Lá dá rabhas im’ aonar*, líne 2: ‘Lá dá rabhas im’ aonar ar taobh leasa ag smaoineamh’.[38] Faightear athshondas sa chéad véarsa den amhrán déanach *Binn lisín aorach an Bhrogha* a chum Brian Ó Flaithbheartaigh: ‘Lá meidhreach dá ndeaghas-sa liom féin / Ar bhinn lisín aorach an Bhroghadh’.[39]

4 *’s gan aon lem’ais dom’charaid beo*: Is gnách don fhile ‘is gan aon im chomhair’ a rá, e.g. *Do rinneadh aisling bheag aerach*, líne 4 ‘i ngleanntán aoibhinn gan aon im chomhar’;[40] *Sealad dom shaogal*, líne 4: ‘i ngaorthaibh coille ’s gan aon im chomhair’.[41]

5 *do líon mo dhearc de dhéara*: Baineann Eoghan Rua úsáid as an ainmfhocal ‘dearc’ mar eilimint de chomhfhocal in aislingí eile dá chuid. Faightear an focal ‘réaldhearcaibh’ san aisling pholaitiúil *Ag taisteal na sléibhte*, líne 35: ‘tarraingthe ar réaldhearcaibh ramhara, réghlasa’;[42] agus ‘sámhdhearc’, san aisling *Ag taisteal na Blarnan*, líne 26: ‘is a mala gan cháim ar shámhdhearc aibigh’.[43]

7 *tré dhioghaltas Clanna Gaodhail bhocht*: Bheifí ag súil leis an uimhir iolra i gcás na haidiachta ‘bocht’ sa líne seo ach tá ‘Clanna

[35] Féach ‘On *aonar* without poss. pron.’, in R. A. Breatnach, ‘Trí fhadhb théaxúla’, .i. ‘no. 3, Measgra D. 150.7–8’, *Celtica* 6 (1963) 258.

[36] ‘Eogan Ruad*h* Ô Suilliob*h*ain ro c*h*an an fe*a*r cois leasa’ a thugann Mícheál Ó Raghallaigh mar cheannscríbhinn don chóip den aisling pholaitiúil, *Tráth is mé cois leasa*, a bhreac sé in MN LS R 69: 54. Féach Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 69.

[37] Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin*, 98.

[38] Ní Íceadha, “‘Lá dá rabhas im’ aonar’: Aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin”, 56.

[39] Féach *Binn lisín aorach an Bhrogha* in Seághan Ua Dálaigh, *Poets and poetry of Munster* (Baile Átha Cliath 1849) 202; Brian Ó Flaithbheartaigh, *Scoil na suadh – Binnlisín aerach an Bhrogha* (Baile Átha Cliath 1904) le fáil ag: http: / / corpas.ria.ie / index.php?fsg_function=3&fsg_id=5989. Léite: 27 Bealtaine 2022.

[40] Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 62.

[41] Féach Morley, *Washington i gceannas*, 65, áit a gcuirtear an aisling seo i leith an fhile Seán Ó Muláin. Tá macalla láidir den líne sin le fáil san amhrán *Go moch is me i m’aonar ’s gan aon im chóir*. Ar an bhfiche cóip den amhrán *Go moch is me i m’aonar ’s gan aon im chóir* a aimsíodh sna lámhscríbhinní, tugann 16 chóip díobh le fios gurbh é Eoghan an Mhéirín a chum an t-amhrán. Ábhar spéise é go gcuirtear an t-amhrán i leith Eoghain Rua Uí Shúilleabháin sna lámhscríbhinní seo a leanas, ámh: ARÉ LS 24 P 20 (1072), LB LS Add. 31874 agus NLW LS A 9. Ní thugtar ainm an údair i gcóip amháin den amhrán.

[42] Féach LB LS Add. 31874: 23 [40]. Féach Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 66.

[43] Féach TCD LS 1413: 119. Féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 37.

Gaodhail’ á lua mar aonad céille anseo agus séimhítear an aidiacht a leanann é a fhágtar san uimhir uatha.

10 *budh chanta*: ní shéimhítear an aidiacht ‘canta’ sa chóip lámhscríbhinne i ndiaidh na copaile san aimsir chaite mar a dhéantar i gcás na n-aidiachtaí seo a leanas, ‘budh mhíne’ (l. 10), ‘budh mhaiseach’ (l. 14); ‘budh shámh’ (l. 21), cuir i gcás.

11 *spreac*: Féach e.g. *Pléarácha na Ruarcach*, líne 11: ‘seinn spreac ar an gcláirsigh’.[44]

17–18 *barr ’na leacain caoradh / tré aoldhaith – caismirt, cath is gleo* – : Tá macalla de na línte 17–18 sna línte seo a leanas a chum Uilliam Dall Ó hIfearnáin ‘Bhí sgéimh an tsneachtaidh go hálluinn úr, / le caoradh a caismirt do ghnáth na gnúis’.[45]

23 *a sháirfhir*: ‘a s*h*ár-f*h*ir’ is ea leagan na lámhscríbhinne don tuiseal gairmeach agus ‘a s*h*eim*hfh*ir g*h*lan’ seachas a ‘shéimhfhir ghlain’ a thugtar i líne 38.

31–2 *nó an Ríogan mhiochair Déirdre, / mar cailleadh le Clann Uisnigh mhóir*: Faightear tagairtí cosúla sna haislingí a leanas de chuid Eoghain Rua: *Lá dá rabhas*, línte 19–20: ‘nó Déirdre mhilis gur cailleadh na laochra / Chlann Uisnigh i gcéin d’fhúig tréithlag gan treoir’;[46] *Cois taoide maidean gréine*, línte 47– 8: ‘nó an tú an ríbhean chailce Déirdre / do bhí ag géarghol ’s ag caí go buan’.[47]

33 *Menerva*: Bheifí ag súil leis an bhfuaimniú ‘Minearva’ (l. 33), ‘a’ sa dara siolla a shondáil, ag réiteach le *Cassandra* (l. 33).

44 *re curaidh laoch*:[48] Tá cónasc idir an dá fhocal ‘curadh’ agus ‘laoch’ i líne 15 san aisling *I gCaoldoire* a chum Eoghan Rua ‘[…] chréacht-chiorrbhaigh céad curadh is laoch’.[49]

49–56 *tá an Francach ag teacht go héascaidh … re heagla ó*:[50] Tarraingíodh cabhlach na Fraince isteach sa chogadh i Meiriceá (1775–83) ar thaobh na Meiriceánach sa bhliain 1778. Creideadh ag an am go dtiocfadh cabhlach na Spáinne i gcabhair ar an bhFrainc i gcoinne na

[44] Tomás Ó Máille, *Amhráin Chearbhalláin* (Londain 1916) 205.

[45] Liam Dall Ó hIfearnáin, *Aréir cois leasa is mé tnáite fann* (Má Nuad 1931) línte 9–10.

[46] Ní Íceadha, “‘Lá dá rabhas im’ aonar”: aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin’, 56.

[47] Féach ARÉ LS 23 I 48 (942): 24. Aisling is ea *Cois taoide maidean gréine* atá curtha i leith Eoghain Rua i ndá cheann de lámhscríbhinní a breacadh i gCo. an Chláir. Féach Máire Ní Íceadha, ‘Dánta deoraíochta: ábhar aistí filíochta a chum Eoghan Rua Ó Súilleabháin thar lear’, in Ciarán Mac Murchaidh, Clíona Ó Gallchóir, Patrick A. Walsh (eagí), *Eighteenth-Century Ireland. Iris an dá chultúr* 32 (2017) 87–104, ag 88.

[48] Féach Damian McManus, ‘Miscellanea on Classical Irish: 1 *cadad* at *-s s-* boundaries. 2 the conjunctionless comparative. 3 The appositional genitive’, *Ériu* 66 (2016) 111–34.

[49] Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin*, 56.

[50] Tá comhthéacs na línte seo pléite in Morley, *Washington i gceannas*, xxviii–xxx.

Breataine, chomh maith. Bhí Impire na hOstaire, Josef II ag troid le Seoirse III agus ba léir do Rí na Breataine nach dtiocfadh an Rúis i gcabhair air.[51] Bhí lucht na héigse á thuar fós go ndéanfadh rí na Fraince agus a chuid comhghuaillithe ionradh ar Éirinn – go mbrisfí ar chumhacht na Breataine in Éirinn agus go dtiocfadh athrú réime in Éirinn dá bharr.

52 *ag treascairt laoch 's ag fearthadh*[52] *gleo*: Tá an téarma 'fearthadh gleó' le fáil i líne 254 den chuntas 'Cath na deachmhún air Thráig Rosa Móire an ttara lá dho Mhithiomh a mbliaghain 1833', cuntas a scríobh Dáibhí de Barra faoi bhruíon dheachún a tharla sa bhliain úd: 'gur fearthadh gleó gáibhtheach gráineamhuil agus cath róthromm lán-dhísgair dianéigneach eatorrtha'. [53]

53–4 *tá Seoirse 'na spairt bhocht traochta … tá caithte a*s *coróin*: Coróin gan feidhm a bhí ag Seoirse III ón uair nárbh é rí na Breataine é ach toghthóir Hanover. Féach *Aor Dhomhnaill na Tuile* a chum Domhnaill Mac Cárthaigh, áit a mbaineann sé leas as an bhfocal 'spairt' faoi dhó: ''S a chroidhe san spairt duirc dhúldhúrdha', líne 8; 'Líne i gceart níor líon an spairt', líne 13.[54]

55 *go Hanover a phreab go déanach*: Bhain Seoirse III le rítheaghlach Hanover.

56 *re heagla ó*: Éilíonn an mheadaracht go gcríochnódh an líne seo ar an bhfoghar 'ó'; tá sampla eile den leagan uaillbhreasach 'ó' ag deireadh líne in amhráin fhile eile an 18ú haois déag – san amhrán grá dar teideal *M'uilleagán dubh ó* a chum an file Peadar Ó Doirnín (1700–69).[55]

57–8 *'s a' brá acu ar mhéirligh / go bráth ag déanamh grafadh is rómhar*: Tagairt don bhrádh / bhró atá sa chéad chuid de líne 57.[56] Baineann Eoghan Rua leas as an bhfrása 'grafadh is rómhar' in amhráin eile a chum sé; san aisling *Im leabain aréir*, línte 85–8, deir sé: 'is gach mangaire méith den tréad so d'athraigh / fearta an tsoiscéil le taitneamh

[51] Féach 'Tá an cruatan ar Sheoirse', in Morley, *Washington i gceannas*, 26–32; féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 34–5.

[52] Féach s.v. 'ferthain': ita in cath oc a ferthain indiu *the battle is being waged*. LU 3664 (SCC33)' le fáil ag dil.ie / 21763. Léite: 6 Feabhra 2022.

[53] Brian Ó Cuív, 'A contemporary account in Irish of a nineteenth-century tithe affray', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* 61 (Dublin 1960/61) 15 [1–21].

[54] Patrick S. Dinneen & Tadhg O'Donoghue (eagí). *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (Londain 1911) 248.

[55] Féach Breandán Ó Buachalla (eag.), *Peadar Ó Doirnín: amhráin*. (Baile Átha Cliath 1969) 63–4. Féach 'Ó Doirnín, Peadar' le Lesa Ní Mhunghaile in *Dictionary of Irish Biography* le fáil ag: https://www.dib.ie/biography/o-doirnin-peadar-a6329 maidir le cuntas ar bheatha an fhile sin. Léite: 20 Feabhra 2022.

[56] Féach eDIL, s.v. '1 bró' atá le fáil ag: dil.ie/6875 nó s.v. 'bráu' atá le fáil ag: dil.ie/6605. Léite: 24 Bealtaine 2022.

do phóit / gan fearann ná féasta fé mar charadar, / tréith faoi léan ag grafadh is ag rómhar;'[57] agus san amhrán *A Shéamuis, déan dam*, líne 2, deir sé 'Sciuirse ghléasta dhéanfas grafadh 'gus rómhar'.[58]

63 *ní bhfuil cás ar shíol Mhilésian*: Níl ábhar buartha ag na Gaeil.

68 *ná a gcíos le glaodhach 'n fhaid 'mhairfid beo*: Soláthraíodh 'a' – an tríú pearsa iolra den aidiacht shealbhach ag tosach na líne seo ar bhonn céille; cuireadh uaschamóg isteach roimh 'mhairfid' agus 'do' in easnamh ar an mbriathar.

67 *go bhfuil coróin trí Ríoghacht ar Shéarlas*: Maidir le tagairtí comhaimseartha do na trí coróna ar cheann Stíobhartaigh, féach *Aisling Aogáin Uí Rathaille*, líne 16: 'i gceannas na dtrí ríochta is dá gcosnamh go buan'.[59] Féach, chomh maith, an t-amhrán dar tús 'Tá Pruise agus Póland fós ar mearathall', a chum Aindrias Mac Craith, áit a ndeir sé i líne 10: 'Is sealbh trí choróin ag an leoghan ná habraim'.[60] Soilsíonn an file gairmiúil Fearghal Óg Mac an Bhaird (*c*.1550–1620) teacht i dtrí coróna do Shéamas I ina dhán dar tús: Trí coróna i gcairt Shéamais / – cia dhíobh nachar dheighfhéaghais?'[61]

68 *ar Ghallaibh-phóirt*: Ar phoirt na Sasanach.[62]

69–70 *Beidh dáin dá spreagadh*, *tínte ar thaobh cnoic / fíon dá thaoscadh is Punch ar bord*: Déanann Eoghan Rua athrá ar an smaoineamh céanna san aisling pholaitiúil *Im leabain aréir*, línte 89–92: 'Beidh tine gan múchadh i rith na gcúig gcúige / is sinne go súgach cúntach cúrsach / dóbhriste i gcaismearthaibh / taoscaidh daorphuins, *ale* is beathuisce'.[63] Nochtar mórán ceiliúrtha mar ba dhual do na seantaoisigh, le flúirse dí á scaipeadh, in amhráin eile dá chuid.[64]

[57] Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 56.

[58] Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin*, 114.

[59] Breandán Ó Buachalla, *Aogán Ó Rathaille* (Baile Átha Cliath 2007) 29.

[60] Máire Comer Bruen agus Daithí Ó hÓgáin (eagí), *'An Mangaire Súgach' Aindrias Mac Craith* (Baile Átha Cliath 1996) 110.

[61] Lambert McKenna (eag.), *Aithdhioghluim Dána*: *A miscellany of Irish bardic poetry, historical and religious, including the historical poems of the Duanaire in the Yellow Book of Lecan*. Vol. I (Dublin 1939/1940) dán 44.

[62] Úsáideann an file an focal 'port' in athuair san aisling pholaitiúil *Im aonar seal*, líne 38: 'gan iontaoibh i ndéana an phóirt'. Féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 56.

[63] Féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 56.

[64] *Mo chás, mo chaí, mo cheasna*, líne 119: 'lánchuid fiona ar scaipeadh' (Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 50); *Tráth is mé cois leasa*, línte 77–80: 'is go mbeidh mo chlann gan tuirse, / atá anois faoi uiriosa / go séanmhar, sámh 's go sultmhar / go lá deiridh an tsaoghail' (Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 71); *Trím smaointe* sna línte 61–4: 'ag síolrach na bhflatha tá dealbh ó scléip / in aoilbhroghaibh geala is ar eachaibh go tréan / fíonta aca is beathuisce á scaipeadh gan spéis / sin aithriste an scéal ar Chaitilín Triall' (Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, 78).

70 *Punch*: Baintear feidhm as foirmeacha den bhfocal 'Punch' ('puins') in aislingí eile de chuid Eoghain Rua, cuir i gcás, *Im leabain aréir*, líne 92: 'taoscaidh daorphuins, *ale* is beathuisce'[65]; *Mo léan le lua*, líne 94: 'ar gach ailp acu do chleachtadh puins is féasta sa Pháis'[66] agus san amhrán *Slán chun Carraige an Éide*, líne 38: 'sa tábhairne ba ghnáthach ag trá puins im chuibhreann'.[67]

NODA

ARÉ LS	Lámhscríbhinn de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann
Boston A. LS	Lámhscríbhinn san Boston Athenaeum, i mBoston
Feiritéar LS	Lámhscríbhinn an Fheirtéaraigh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
G LS	Lámhscríbhinn i leabharlann Ollscoil na Gaillimhe.
LB LS Add.	Lámhscríbhinn de chuid Leabharlann na Breataine, i Londain [Leabharlann Mhúsaem na Breataine]
LNÉ LS	Lámhscríbhinn de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
MN LS	Lámhscríbhinn de chuid Ollscoil Mhá Nuad
NLW LS	Lámhscríbhinn de chuid Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige
TCD LS	Lámhscríbhinn de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Torna LS	Lámhscríbhinn de chuid Thorna i leabharlann Choláiste na hOllscoile, Corcaigh

INNÉACS DAOINE AGUS ÁITEANNA

An Spáinneach, Carlos III, rí na Spáinne; *an Spáinneach*, l. 51.

Cassandra, Cassandra, iníon le Priámus, rí na Trae agus deirfiúr le Paris; *Cassandra shéimh*, l. 33.

Clann Uisnigh, Naoise agus a bheirt dhearthár Ardán agus Áinle a maraíodh trí fheall an rí Conchubhar mac Neasa; *Clann Uisnigh mhóir*, l. 32.

Déirdre, Deirdre, bean fhíor-álainn sna scéalta Rúraíochta. Maraíodh Naoise agus a bheirt dhearthár dá barr; *nó an Ríogan mhiochair Déirdre*, l. 31.

Gall, eachtrannach; *ar Ghallaibh-phóirt*, l. 68.

[65] Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 56.
[66] Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 61.
[67] Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, 17.

Hanover, rítheaghlach Hanover; *go Hanover a phreab go déanach*, l. 55.

Hélen, Hélen na Trae, an bhean ab áille ar domhan arbh í faoi ndear titim na Trae. Bhí Hélen pósta le Menelaus, rí Sparta. D'fhuadaigh Páris Hélen agus thóg sé í trasna na farraige go dtí cathair na Trae, áit ar tosaíodh Cogadh na Trae; *An fíor gur tusa Hélen*, l. 29.

Héra, Hera na nGréagach nó Júnó, deirfiúr agus bean chéile le Jupiter i miotaseolaíocht na Róimhe a mhill Earcail; *nó Héra an bhé budh mhaiseach clódh*, l. 34.

Menerva, Minerva, bandia na heagna agus na n-ealaíon i miotaseolaíocht na Róimhe; *an tu Menerva chlaon*, l. 33.

Milésian, clanna Míle Easpáinne, [68] sinsear na nGael; *ní bhfuil cás ar shíol Mhilésian*, l. 63.

Seoirse, Seoirse III, toghthóir Hanover; *tá Seoirse 'na spairt bhocht traochta … tá caithte as coróin*, l. 53–4.

Stíobard, Séarlas Éadbhard, an Stíobhartach; *bhur Stíobard a theacht thar tréanmhuir*, l. 43.

MÁIRE NÍ ÍCEADHA

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

[68] Tugtar cuntas cuimsitheach ar Mhíle, ar a chuid aistear agus ar a shliocht in Patrick S. Dinneen [ed.], *Foras feasa ar Éirinn: the history of Ireland by Geoffrey Keating D. D.*, vol. II, containing the first book of the history from sect. XV to the end, 4 vols (London 1908). Féach R. A. Stewart Macalister (eag. & aistr) *Lebor gabála Érenn: the book of the taking of Ireland*, II: 38–40, §§126–9; 64–8, §§151–4; T. F. O'Rahilly, *Early Irish history and mythology* (Dublin 1999 [1946]) 195–9; Féach John Carey (eag.), *Lebor gabála Érenn: textual history and pseudo-history*. ITS Subsidiary Series 20 (London 2009).